Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

Fodhlíthe Reiligí do Chomhairle Contae Chiarraí 2018

Kerry County Council Cemeteries Bye Laws 2018

Déanta ag Comhairle Contae Chiarraí faoin Acht um Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) le Rialáil Reiligí, atá faoi rialú oibriúcháin nó i seilbh Chomhairle Contae Chiarraí.
Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an gcéad lá de Mhárta, 2019. Is féidir tagairt do na Fodhlíthe seo mar: Fodhlíthe Reiligí Chomhairle Contae Chiarraí, 2018.

RIALACHÁIN GHINEARÁLTA MAIDIR LE REILIGÍ

1. Ciallú Téarmaí

Sna fodhlíthe seo beidh an chiall a leanas ag na téarmaí seo leanas:

Ciallóidh 'An Chomhairle' Comhairle Contae Chiarraí.

Ciallóidh ***"Reilig de chuid na Comhairle"*** aon reilig, ceallúnach nó láthair adhlactha atá faoi rialú oibriúcháin na Comhairle nó i seilbh na Comhairle mar a shonraítear i Sceideal 1.

Ciallóidh 'Reilig Phlásógach' Reilig nó cuid de Reilig, nach bhfuil colbha nó a leithéid ceadaithe inti, agus áit a bhfuil gach cuid den Reilig mar a bhfuil láithreacha uaighe á cothabháil mar limistéar féir. Forordaítear cad is Reilig Phlásógach ann i Sceideal 1.

Ciallóidh 'Plásán' limistéar den Reilig ina bhfuil spás d'uaigh amháin, nó dhá cheann nó trí cinn, a dtagraítear dó mar phlásán singil, plásán dúbailte nó plásán clainne.

Ciallóidh 'Cláraitheoir' nó 'Feighlí' an Cláraitheoir nó an Feighlí atá ann san am i láthair, d'aon Reilig atá faoi rialú nó i seilbh na Comhairle.

Ciallóidh 'Innealtóir' an t-oifigeach atá ainmnithe ag Comhairle Contae Chiarraí.

Ciallóidh 'An Clár' an taifead ar adhlacthaí sa reilig atá luaite.

Ciallaíonn ***'Ceart Adhlactha'*** an ceart a bheith curtha nó iarsmaí créamtha a bheith curtha i spás uaighe faoi leith, bíodh sin faoi na fodhlíthe seo nó eile.

Ciallóidh ***'Úinéir Cearta Adhlactha'*** duine a bhfuil ceart adhlactha i spás uaighe faighte aige / aici, bíodh sin faoi na fodhlíthe seo nó eile.

2. Feidhmiú Fodhlíthe

Bainfidh na fodhlíthe seo le gach Reilig atá faoi rialú nó i seilbh na Comhairle mar a shonraítear i Sceideal 1.

3. Scor na bhFodhlíthe Reatha

Ar theacht i bhfeidhm do na fodhlíthe seo raghaidh gach fodhlí atá ann cheana féin maidir le Reiligí atá faoi rialú nó i seilbh na Comhairle as feidhm.

4. Spásanna uaighe / Plásáin

Roinnfear an limistéar atá le húsáid le haghaidh uaigheanna i spásanna uaighe, a bheidh sainithe ag marcanna áisiúla, ionas gur féidir suíomh gach spás uaighe a fháil amach go héasca. Áit a bhfuil léarscáileanna adhlactha ar fáil, coimeádfar an léarscáil nó na léarscáileanna de Reilig na Comhairle i seilbh

an Chláraitheora agus na Comhairle i gcónaí, agus cuirfear ar fáil iad chun go bhféadfadh gach duine iad a scrúdú. I Sceideal 1 imlínítear Reiligí a bhfuil léarscáileanna ar fáil díobh. Ar léarscáil nó ar léarscáileanna dá leithéid taispeánfar gach spás uaighe agus a shain-mharc inscríofa air, .i. rannóg agus uimhir.

5. Méid na Spásanna Uaighe

Beidh na spásanna uaighe le haghaidh adhlacadh daoine 2.75m ar fad agus 1.25m ar leithead i gcás plásáin shingil, gan méid bonn leanúnach coincréite a chur san áireamh. Beidh plásán dúbailte 2.75m ar fad agus 2.5m ar leithead, gan bonn leanúnach coincréite a chur san áireamh.
Beidh spásanna uaighe le haghaidh iarsmaí créamtha, agus iad sin amháin, ar mhéid a shainíonn an Chomhairle. (Ar a laghad 900mm x 900mm).

6. Céad Adhlacadh

Nuair a osclaítear uaigh le haghaidh adhlacadh amháin, ba chóir í a thochailt go dtí 1.65m ar doimhneacht. Aon uaigh a mbeartaítear í a oscailt le haghaidh an dara adhlacadh, ba chóir í a thochailt go dtí 2.45m ar doimhneacht.

7. Modh Adhlactha le haghaidh Iarsmaí Daonna agus Iarsmaí Créamtha Daonna

(i) Faoi réir (ii), ní cheadófar aon adhlacadh in aon Reilig de chuid na Comhairle, ná ní ligfear aon duine marbh isteach in aon ionad glactha coirp roimh adhlacadh, mura bhfuil an corp iata i gcónra déanta d'adhmad nó d'ábhar eile atá láidir a dhóthain. Aon duine a sháraíonn an riail seo agus corp á thabhairt i láthair le haghaidh a adhlactha aige, dlífear píonós €125 a ghearradh air.

(ii) Féadfar adhlacadh gan chónra a cheadú i limistéar de reilig atá ceaptha go heisiach dó sin, mura bhfuil treoir eisithe ag an údarás sláintíochta cuí, nó ag an oifigeach leighis sláinte den údarás sláintíochta, gan a leithéid a dhéanamh. I gcás go gceadaítear adhlacadh gan chónra, cuimsíonn aon tagairt do chónra sna forálacha seo tagairt don chumhdach atá ar an gcorp gan chónra.

(iii) Baileofar agus aistreofar aon chartadh agus ábhar farasbairr, a éiríonn de bharr thochailt na huaighe, as Reilig na Comhairle lena dhiúscairt go cuí áit eile ag an adhlacóir nó ag an duine atá ag déanamh an adhlacadh.

(iv) Is féidir iarsmaí créamtha a adhlacadh i síothal nó i gcisteog bheag nó i gcoimeadáin fhaomhaithe eile, agus iad a chur i ngnáth-spásanna uaighe nó i spásanna uaighe atá ceaptha ag an gComhairle le haghaidh iarsmaí créamtha. Caithfear iarsmaí créamtha atá adhlactha i spás uaighe atá ceaptha go sonrach le haghaidh iarsmaí créamtha amháin a chur chomh doimhin le 300mm faoi leibhéal na talún. Caithfear spás de 300mm ar a laghad a fhágáil ar gach taobh idir na síothail nó cisteoga.

Caithfear sonraí uilig iarsmaí créamtha an duine mhairbh a thaifeadadh i gclárleabhar na reilige.

(v) Ar bhallaí colmlainne nó ar áiseanna eile le haghaidh iarsmaí créamtha, caithfidh inscríbhinní ar chuasáin a bheith de réir pholasaí na Comhairle.

8. Oscailt Uaigheanna

(i) Caithfear an Feighlí a chur ar an eolas i gcónaí sula n-osclaítear uaigh.

(ii) Ní athosclófar uaigh neamhfhálaithe ar bith laistigh de cheithre bliana déag tar éis duine a bheith adhlactha inti, mura bhfuil sraith de chré neamhbhearnaithe nach lú ná 300mm ar doimhneacht fágtha os cionn an chónra atá adhlactha cheana féin; ach nuair a athosclaítear uaigh ar bith, más léir go bhfuil an ithir urghránna, ní chuirfear isteach ar ithir dá leithéid. Ní thógfar iarsmaí daonna as uaigh i gcás ar bith (ach amháin de réir an dlí).

(iii) Ní osclófar uaigh ina bhfuil corp ar bith adhlactha ach amháin ar mhaithe le hadhlacadh nó dí-adhlacadh nó leac uaighe nó cloch chinn a ardú, gan cead i scríbhinn ón gComhairle lena thaispeáint don Chláraitheoir agus a fhágaint leis roimhré.

(iv) Tochlófar uaigheanna de láimh nó le mion-tochaltóir. Ní úsáidfear innealra trom ar aonchúinse chun uaigheanna a oscailt. Beidh úsáid Innealra Trom i Reiligí na Comhairle faoi réir cead a fháil ó Comhairle Contae Chiarraí. Déanfaidh an t-oibrí nó an t-adhlacóir atá i mbun na hoibre gach réamhchúram is gá chun cosáin, colbhaí, leachtanna agus na huaigheanna mórthimpeall a chosaint ar dhamáiste. Cuimsíonn sé seo clúdaigh chosanta a leagan ar na cosáin.

9. Doimhneacht Adhlactha

Ní cóir cónra ar bith a adhlacadh in aon uaigh neamhfhálaithe mura bhfuil an claibín nó an dromchla uachtarach di 1.22m ar a laghad thíos faoi gnáthleibhéal na talún.

10. Trasnaíl ar Adhlacadh

Ní ceadmhach d'aon duine, go neamhdhleathach, cosc a chur nó iarracht a dhéanamh cosc a chur le hadhlacadh duine ar bith i Reilig, ná cosc ná cur isteach a dhéanamh ar ceiliúradh deasghnátha adhlactha duine ar bith atá á chur.

11. Dí-adhlacadh

Ní ceadaithe aon chorp, ná iarsmaí d'aon chorp, ná iarsmaí créamtha a aistriú ó áit adhlactha amháin go háit eile, ná a dhí-adhlacadh gan toiliú na Comhairle a bheith faighte i scríbhinn roimh ré, maraon leis na réamhchúramaí a bhféadfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a leagan síos mar choinníoll le ceadúnas dá leithéid.

12. Clárú Adhlacthaí

(i) Coimeádfar an Clár ceart (dá ngairfear an Clár anseo feasta) i gcónaí in áit áisiúil, ag nó in aice leis an reilig, nó ag ionad cónaithe an Chláraitheora agus beidh an Clár ar fáil lena scrúdú ag gach am réasúnta.

(ii) Ní ceadaithe d'aon duine, seachas an Cláraitheoir féin, scríobh sa chlár, ach amháin mar a luaitear anseo feasta.

(iii) Coimeádfar cóip clóite de na Fodhlíthe seo greamaithe leis an gClár i gcónaí.

13. Iontrálacha sa Chlár

(i) Sula n-adhlactar duine, nó a (h)iarsmaí créamtha, i Reilig de chuid na Comhairle, fiosróidh an Cláraitheoir na fíricí go cuí ó ghaol leis an duine éagtha nó ón duine atá i mbun stiúradh agus bainistiú an adhlactha, agus ansin féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéantar iontráil sa Chlár i litreacha soiléire inléite, faoi na ceannteidil chuí agus in ord uimhreach, de Chéadainm agus Sloinne, am báis, gnéas, aois, creideamh agus slí bheatha nó céim saoil an duine mhairbh, maraon leis an seoladh cónaithe deireanach agus cuinsí, an raibh 'pósta, singil, colscartha, ina bhaintreach fir' nó ina 'baintreach' nó 'páiste de chuid A.B' nó aon eolas eile a bheadh leormhaith leis na hiarsmaí a shainaithint.

(ii) Tar éis an adhlactha iontráilfear go cuí, faoina cheannteideal ceart, an marc sainiúil atá ag an uaigh; agus sa dara colún ón deireadh cuirfear síniú an té atá ag bainistiú an adhlactha, mar dheimhniú ar chruinneas na ráiteas thuasluaite; agus fianófar an síniú seo ag síniú an Chláraitheora sa cholún deireanach.

(iii) Ní dhiúltóidh aon duine, go toiliúil, eolas a thabhairt don Chláraitheoir maidir leis na cúrsaí réamhráite, ná ní dhiúltóidh sé / sí síniú, mar atá réamhráite.

14. Ceannach Cearta Adhlactha

(i) Ní cheadófar ceart adhlactha i bplásán uaighe a cheannach ach amháin ag am an adhlactha. Ní cheadófar réamh-cheannach plásán.

(ii) Ar an gComhairle a dhéanfar iarratas ar cheart adhlactha i bplásán uaighe i Reilig de chuid na Comhairle. San iarratas cuirfear ainm agus seoladh an té a fuair bás, mionsonraithe go leor le haitheantas a chinntiú ar ball i gcoinne an Chláir. Beidh an táille sonraithe leis an iarratas. Socróidh an Chomhairle an táille ar cheannach ceart adhlactha i bplásán uaighe agus d'fhéadfadh go n-áthrófaí é ó am go ham.

(iii) Áit a bhfuil dóthain plásán ar fáil i gcónaí i Reilig de chuid na Comhairle, déanfaidh an Comhairle machnamh ar cheart adhlactha a bheith le ceannach in iol-phlásáin de dhá nó trí uaigh.

(iv) Is ionann an admháil a eisítear mar fhreagra ar an iarratas agus ceart adhlactha an iarratasóra. Os rud é go mbraitheann na sonraí ar chruinneas an eolais a thugtar, ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon earráidí.

(v) Ní cheadaíonn an admháil ar cheart adhlactha tógáil Chloch Chinn, gan iarratas sa bhreis a chur ag an gComhairle (féach fodhlí 20).

(vi) Ní cheadaítear plásán uaighe a dhíol le tríú páirtí. Éascóidh an Chomhairle úinéireacht a thabhairt ar ais don Chomhairle, ámh, ina gcás-san gur mian leo sin.

15. Cuairteoirí

(i) Is tríd an mbealach isteach amháin a raghaidh cuairteoirí isteach agus a thiocfaidh siad amach as Reilig de chuid na Comhairle.

(ii) Ar cuairt dóibh ar Reilig de chuid na Comhairle, ní shiúlfaidh cuairteoirí ar aon rosáin, uaigheanna ná imfháluithe, ach cloífidh siad leis na cosáin agus na haibhinní inti.

(iii) Ar cuairt dóibh ar Reilig de chuid na Comhairle, ní chuirfidh cuairteoirí isteach ar aon tuamaí, ná leachtanna ná clocha cinn, ná ar aon bhláthanna, rosáin ná bláthfhleasca sa Reilig.

(iv) Ní ligfear madraí ná ainmhithe eile isteach sa Reilig agus dúnfaidh cuairteoirí an geata ar theacht agus ar imeacht dóibh chun cosc a cur le hainmhithe seachráin teacht isteach. Tá madraí treorach ceadaithe.

16. Mí-iompar

Tá an Cláraitheoir, nó aon gníomhaire de chuid na Comhairle nó ball den Gharda Síochána, i dteideal agus saor i gcónaí chun aon duine atá ciontach as mí-iompar i Reilig de chuid na Comhairle a chur amach, agus chun cosc a chur ar aon duine dul isteach i Reilig de chuid na Comhairle le linn uaireanta coiscthe.

Le linn a bheith i Reilig de chuid na Comhairle iompróidh gach duine é / í féin go ciúin agus go hordúil agus ní dhéanfaidh aon duine:-

- Clampar ar bith go toiliúil sna Reiligí.
- Núis ar bith sna Reiligí.
- Cur isteach d'aon ghnó ar aon adhlacadh atá ar siúl sna reiligí.
- Cur isteach d'aon ghnó ar spás uaighe ná lusca, ná leac uaighe ná aon chuimhneachán eile ná ar phlandaí ar aon spás uaighe dá leithéid.
- Aon chluiche ná spórt a imirt sna Reiligí.
- Rothar, clár scátála ná aon ghléas dá leithéid a úsáid sna reiligí.
- Damáiste do Chlocha Cinn.
- Dramhaíl ná bruscar a dhumpáil, ná diúscairt mhídhleathach
- Ainmhithe a ligean isteach.

17. Damáiste do Chlocha Cinn

No person shall wilfully deface, destroy or damage any building, wall, fence, monument, headstone, tablet, notice board or any other article within the cemetery.
Ní dhéanfaidh aon duine, go toiliúil, aghlot ná scrios ar, ná damáiste d'aon fhoirgneamh, balla, claí, leacht, cloch chinn, taibléad, clár fógraí ná aon ní eile sa reilig.

18. Crainn

Ní chuirfear crainn ar aon spás uaighe i Reilig de chuid na Comhairle.

19. Rosáin agus Bláthanna

(i) Ní cheadaítear rosáin agus bláthanna a chur i Reiligí Plásógacha. I Reiligí nach Reiligí Plásógacha iad is féidir rosáin agus bláthanna a chur i bplásáin uaighe sa chás amháin go bhfuil na plásáin iata isteach le colbhaí. Is féidir leis an gComhairle rosáin atá ó smacht a bhaint.

(ii) Bláthanna agus bláthfhleasca a leagtar ar uaigheanna tar éis adhlacadh, tógfaidh ceannaitheoir an chearta adhlactha nó a (h)ionadaithe leis / leí iad laistigh de dhá mhí. Tógfar iad seo amach as an Reilig lena ndiúscairt áit eile.

(iii) Ceadófar bláthanna cuimhneacháin má leagtar iad ar bhonn leanúnach coincréite na cloiche cinn agus sa chás sin amháin.

20. Tógáil Leachtanna

(i) Ní thógfar ná ní dhéanfar tuama, leacht, lusca, cloch chinn, taibléad ná struchtúr buan d'aon saghas ná ábhar, ar aon áit adhlactha i Reilig de chuid na Comhairle, mura bhfuil agus go dtí go bhfuil faomhadh i scríbhinn faighte don struchtúr, mar Theastas Ceada, ón Innealtóir nó ó Oifigeach eile a cheapann an Comhairle don bhfeidhm seo, agus go dtí go bhfuil costas an phlásáin ioctha go hiomlán.

(ii) Is gá ráiteas tuairisciúil ar a bhfuil molta, in éineacht le líníocht ar a bhfuil toisí, de réir scála nach lú ná 1 in aghaidh 25 a bheith le gach iarratas ar fhaomhadh dá leithéid.

(iii) Ní ghlacfaidh an Chomhairle le dliteanas ar bith as gortú ná caillteanas d'aon tríú páirtí de bharr na n-oibreacha a bhaineann le tógáil leachtanna, ná de thoradh aon locht a bhaineann leis an obair ná damáiste do chlocha cinn eile.

(iv) Is gá an chloch chinn nó an leacht a bheith ina chloch nádúrtha agus sin amháin m.s. marmar, aolchloch nó eibhear, agus a bheith ar bhonn oiriúnach coincréite ar ghnáth-dhoimhneacht de 600mm. Beidh dearadh agus bailchríoch thraidisiúnta ar an leacht nó cloch chinn agus réiteoidh sé leis na clocha cinn eile san áit.

(v) I Reilig de chuid na Comhairle, nach Reilig Phlásógach í, ní bheidh an cloch chinn nó an leacht, an bonn san áireamh, seachas an eisceacht shonrach atá luaite anseo, níos mó ná 1.5m ar airde, agus beidh uasfhad de 1.0m ann (1.5m i gcás iol-phlásáin). Tomhaistear gach airde ón mbonn leanúnach coincréite nó ó ghnáthleibhéal talún an chosáin / bhóthair atá comhtheagmhálach leis an bplásán uaighe. Ní cheadófar leachtanna tánaisteacha, sa bhreis ar an gcloch chinn, ar nós dealbha, dealbha ainmhithe agus araile san áireamh.

I Reilig Phlásógach ní cheadófar airde níos mó ná 1.2m.

(vi) Áit a bhfuil cros thraidisiúnta Cheilteach nó Laidineach molta, ní bheidh an airde níos mó ná 1.8m agus an leithead níos mó ná 1.0m.

(vii) Coimeádfar na hoibreacha ar fad laistigh den phlásán adhlactha. Ní chúngóidh an obair ar na pláséin in aice láimhe ná ar chosáin.

(viii) I Reilig Phlásógach ní cheadófar colbhaí nó cóipeáil d'aon saghas. I reiligí den chineál plásógach ní cheadófar cloichíní a leagan ar uaigheanna.

(ix) I Reilig de chuid na Comhairle nach Reilig Phlásógach í, ní bheidh colbha ná cóipeáil níos airde ná 150mm, agus leagfar iad ar bhonn daingean a théann síos 150mm ar a laghad faoi leibhéal na talún. Ceadófar cuaillí cúinne de 250mm ar airde ar a mhéid.

(x) Ní chuirfear leacht ná cóipeáil ar aon spás ná plásán uaighe, mura bhfuil fógra tugtha ar dtús do Chláraitheoir na Reilige, leis an dáta ar a bhfuil sé beartaithe dul ar aghaidh leis sin.

(xi) Baileofar agus tabharfar chun siúil aon chartadh agus ábhar farasbairr a éiríonn as leacht nó cóipeáil a ullmhú agus a thógáil ar uaigh, agus is ar an duine nó conraitheoir a thógann an leacht nó cóipeáil atá sé seo a dhéanamh.

(xii) Coimeádann an Comhairle an ceart a ordú go dtógtar leacht, cloch chinn nó cóipeáil ar bith as an Reilig, más dóigh leis an gComhairle go bhfuil cuma ghinearálta an leachta, cloch chinn, cóipeála nó tógála, maslach nó in aghaidh phrionsabail an dea-chleachtais nó murar cloíodh le Teastas Ceada eisithe ag Comhairle Contae Chiarraí. Ina theannta sin, is féidir leis an gComhairle leacht ar bith a bhaint anuas a cuireadh in airde in aghaidh na dtéarmaí agus coinníollacha faoinar tugadh cead an leacht sin a chur in airde, nó sa chás gur cuireadh leacht in airde gan Teastas Ceada oifigiúil ón gComhairle, nó sa chás go bhfuil an leacht níos airde ná mar atá ceadaithe sna Fodhlíthe seo, nó sa chás go bhfuil an leacht déanta d'ábhair seachas iad siúd atá ceadaithe sna Fodhlíthe seo. Is féidir leis an gComhairle costas leacht a bhaint anuas a fháil ar ais ó úinéir na huaighe nó ón duine a chuir an leacht in airde, mar fhiach simplí i gCúirt Dlínse Inniúla.

(xiii) Caithfidh an Teastas Ceada a bheith ar fáil ar éileamh, lena scrúdú agus a fhíorú ag aon Oifigeach den Chomhairle.

(xiv) Léireofar líon na spásanna uaighe go soiléir ar an gcloch chinn.

21. Ábhair Shomheata agus Mhí-oiriúnacha

(i) Ní cheadófar ábhair shomheata a úsáid, mar adhmad, obair iarainn nó a leithéid, mar chuid d'aon leacht nó struchtúr in aon Reilig de chuid na Comhairle, ach amháin i gcás go bhfuil leacht sealadach á chur suas.

(ii) Ní cheadófar ábhair shomheata a úsáid (mar adhmad nó obair iarainn neamh-ghalbhánaithe) mar chuid d'aon leacht nó struchtúr in aon Reilig de chuid na Comhairle. Caithfear cead speisialta a fháil i scríbhinn ón Innealtóir roimhré maidir le hábhair phlaisteacha nó de dhéantús an duine (sintéiseach) a úsáid.

22. Bunsraitheanna ina bhfuil Boinn Leanúnacha Choincréite

(i) I Reilig de chuid na Comhairle, áit a bhfuil nó áit a mbeidh boinn leanúnacha choincréite á gcur ar fáil, cuirfear an cloch chinn nó aon saghas leachta eile atá beartaithe in airde agus an bonn leanúnach coincréite cuí in úsáid mar bhunsraith don chloch chinn.

(ii) Ábhair ar bith mar choincréit, moirtéal nó a leithéid, a úsáideadh chun an leacht a thógáil, ní cheadófar a leathnú lasmuigh de bharr an bhoinn leanúnaigh de choincréit, agus tógfaidh an duine atá i gceannas ar ardú an leachta gach ábhar farasbairr amach as an reilig.
(iii) Ní cheadófar aon cholbhaí sa chás seo agus níl bunsraitheanna ag teastáil ar an dá thaobh fhada den spás uaighe.

23. Bunsraitheanna, áit nach bhfuil Boinn Leanúnacha Choincréite ar fáil
(Baineann seo le Reiligí de shaghas níos sine)

Ba chóir sonraí iomlána thógáil an bhoinn leanúnaigh coincréite a aontú leis an gComhairle roimh thús na hoibre.

24. Maoirseacht na nOibreacha

(i) D'fhéadfadh go dtiocfadh gach obair, a bhaineann le tógáil leachtanna nó a leithéid i Reilig de chuid na Comhairle, faoi réir mhaoirseacht agus rialú an Innealtóra nó a (h)ionadaí.

(ii) Ní cheadófar dumpáil ná meascadh gairbhéal gainimhe agus suiminte, chun coincréit a dhéanamh, ar chosáin ná ar thalamh gan chumhdach, agus caithfear a leithéid a dhéanamh ar ardáin inaistrithe.

(iii) Caithfear gach ábhar farasbairr atá fágtha tar éis na hoibre a thógaint amach as an Reilig ag an am a chríochnaítear na hoibreacha.

25. Leachtanna Briste nó Leachtanna eile a thabhairt ar shiúl

(i) Is ar cheannaitheoir an chearta adhlactha atá an fhreagracht leachtanna briste nó eile a thabhairt ar shiúl as an Reilig. Tabharfaidh an Chomhairle fógra dhá sheachtaine é bheith i gceist aon leacht, cloch chinn, colbha, taibléad nó aon ní eile, a cuireadh i Reilig de chuid na Comhairle ag am ar bith, le húdarás nó gan údarás, a bh'féadfadh meath bheith tagtha air, nó nach bhfuil á chothabháil dar leis an gComhairle, nó atá éirithe amach ina núis nó ina bhaol do ghnáthúsáideoirí na Reilige, a thógaint anuas agus a thabhairt ar shiúl.

(ii) I gcás nach dtugann ceannaitheoir an chearta adhlactha freagra ar an bhfógra a tugadh in 25(i) thuas, féadfaidh an Chomhairle an costas a bhaineann lena leithéid d'aistriú a fháil ar ais ó cheannaitheoir an chearta adhlactha mar fhiach conartha shimplí.

26. Ábhar Farasbairr agus Neamhúsáidte a thabhairt ar shiúl ón Reilig

(i) Is faoin gconraitheoir nó ceannaitheoir an chearta adhlactha atá sé gach ábhar farasbairr, atá fágtha tar éis oibreacha ar uaigheanna a bheith críochnaithe, a thabhairt ar shiúl as Reilig de chuid na Comhairle, ag an am a chríochnaítear na hoibreacha. San áireamh tá farasbarr ábhair tochailte, coincréit nár úsáideadh, comhlra agus araile agus bláth-leachtanna (nádúrtha nó saorga) atá caite ar leataobh.

(ii) Ní úsáidfear an reilig mar áit stórála, sealadach ná fad-téarmach, le haghaidh aon ábhair, comhlra ná uirlisí ag aon oibritheoirí atá ag tabhairt faoi obair sa reilig.

27. PARKING
Páirceáil

Áit a bhfuil Carrchlós curtha ar fáil ag an gComhairle, laistigh nó taobh le Reilig de chuid na Comhairle, beidh an pháirceáil teoranta d'fheithiclí atá in úsáid ag daoine atá ag freastal ar adhlacthaí nó ag tabhairt cuairt ar uaigheanna. Ní cheadófar páirceáil thar oíche ná fad-téarmach. Tá suíomhanna na gcarrchlós a bhaineann le Reiligí de chuid na Comhairle agus atá rialáilte faoin bhodhlí seo leagtha amach i Sceideal 1.

28. Dealbhóirí Leachta agus Saoir Chloiche

(i) Caithfidh aon dealbhóir leachta nó saor cloiche, ar mhian leis obair a dhéanamh in aon Reilig/Láthair Adhlactha de chuid na Comhairle i limistéar feidhme Chomhairle Chontae Chiarraí, a bheith cláraithe leis an gComhairle agus cead oibre bliantúil a bheith aige. Bíonn an cead oibre bliantúil le hathnuachan ar an 1 Eanáir gach bliain, agus d'fhéadfadh go mbeadh táille chlárúcháin i gceist.

(ii) Féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, coinníollacha a leagan síos le haghaidh iontrála ar an gClár Dealbhóirí Leachta Údaraithe, maraon le coinníollacha chun iontráil i gClár na nDealbhóirí Leachta Údaraithe a choimeád.

(iii) Féadfaidh an Chomhairle rialacha agus rialacháin a leagan síos:

- Maidir leis an Árachas is gá a bheith ag dealbhóir leachta
- Maidir le Taithí agus Taifead Oibre an dealbhóra leachta

(iv) Féadfaidh an Chomhairle dealbhóir leachta a bhaint den Chlár Dealbhóirí Leachta Údaraithe:

- Má thógann dealbhóir leachta aon leacht, nó má cabhraíonn chun leacht a chur in airde i Reilig de chuid na Comhairle, áit nach bhfuil tógáil an leachta údaraithe i scríbhinn ag an gComhairle nó nár cuireadh an leacht in airde de réir théarmaí an cheada.
- Má theipeann ar an dealbhóir leachta, i dtuairim na Comhairle, a chuid oibre a chur i gcrích ar bhealach sábháilte.
- Má theipeann ar an dealbhóir leachta, i dtuairim na Comhairle, a chuid oibre a chur i gcrích ar bhealach néata laistigh de Reilig na Comhairle.
- Má tharlaíonn nach gcloíonn an dealbhóir leachta leis na Fodhlíthe.

(v) Sula mbaineann an Chomhairle aon dealbhóir leachta dá Clár Dealbhóirí Leachta Údaraithe, tabharfar deis dó / di aon uiríll a dhéanamh a mheastar is gá de réir phrionsabail an cheartais aiceanta.

(vi) Ní thógfaidh Dealbhóir Leachta aon leacht gan Teastas Ceada a bheith eisithe ag an gComhairle de réir fhorálacha na bhFodhlíthe.

(vii) Caithfear gach obair a dhéantar laistigh de Reiligí a dhéanamh de réir na Reachtaíochta reatha Sláinte agus Sábháilteachta.

29. Pionóis as Cionta

(i) Is féidir leis an údarás áitiúil a dhein an fodhlí a bhaineann le hábhar, nó aon údarás áitiúil eile atá ag feidhmiú ar a shon nó ball den Gharda Síochána, cion faoi na fodhlíthe seo a ionchúiseamh.

(ii) Tá duine a sháraíonn foráil d'aon fhodhlí ciontach i gcion, agus arna chiontú go hachomair dlífear fíneáil nach mó ná €1,900 air.

(iii) Má leantar de shárú forála d'fhodhlí tar éis ciontaithe, tá an duine atá freagrach as an sárú, ciontach i gcion ar gach uile lá a leanann an sárú sin, agus dlítear fíneáil nach mó ná €125 air as gach cion ar leith díobh sin.

Made under the Official Seal of Kerry County Council
Déanta faoi Shéala Oifigiúil Chomhairle Contae Chiarraí

Dated this 31st day of January 2019.
Arna Dhátú an _____ lá de _____ 2019.

PRESENT when the Official Seal of Kerry County Council was affixed hereto:-
I LÁTHAIR nuair a greamaíodh leis seo Séala Oifigiúil Chomhairle Chontae Chiarraí:-

Brenda Cu
Cathaoirleach or Nominated Employee
Cathaoirleach nó Fostaí Ainmnithe

Sceideal 1

Burial Ground Reilig	Map Available Léarscáil ar fáil	Lawn Style Stíl Phlásóige	Car Park Carrchlós
Mainistir Ó dTorna	Y		Y
Abbeyisland, Sineadh	Y	Y	
Achadh Deo	Y		
An Eaglais (Baile Uí Aichir)	Y		
An Eaglais (Lios Póil)			
Áth a' Bhóthair	Y		Y
Eanach (nua)	Y		Y
Eanach (sean)	Y		Y
Arabela	Y		
An tArd Crón (nua)	Y		
An tArd Crón (sean)	Y		
Ard Fhearta (Sackville)	Y		
Ard Fhearta (Ardeaglais)	Y		
Ard Móiníl (Cill Orglan)	Y		Y
Achadh Mhálainn	Y		
Baile Uí Bhaoithín (nua)	Y	Y	Y
Baile Uí Bhaoithín (sean)	Y		
Baile an Chláir (Abhainn an Scáil)	Y		
Baile an Sceilg (nua)	Y		Y
Baile an Sceilg (sean)	Y		
Baile an Bhuinneánaigh, N. Eoin	Y	Y	Y
Baile an Bhuinneánaigh N. Eoin – Sean-roinn	Y		Y
An Baile Dubh (Caisleán Ghriaire)	Y		
Baile Uí Thaidhg (An Teaghlach Naofa)	Y		
Baile Uí Thaidhg, Nua (Naomh Muire)	Y	Y	
Baile Uí Thaidhg, Sean (N. Séamas)			
Béal Átha Longfoirt, N. Micheál	Y	Y	Y
Baile na Cúirte	Y		
Baile na hEaglaise	Y		
Baile na Cille	Y		Y
Bailte Ó Síoda	Y		
An Bheithíneach	Y		
Brosnach, nua	Y		Y
Brosnach, sean	Y		Y
Cathair Saidhbhín (An Chros Naofa)	Y		

Burial Ground Reilig	Map Available Léarscáil ar fáil	Lawn Style Stíl Phlásóige	Car Park Carrchlós
Cathair Saidhbhín, Cill Fhaoláin	Y	Y	Y
Cathair Saidhbhín, Cill Mhearnóg			
An Com	Y		Y
An Tóchar	Y		Y
Cnoc na hEaglaise nua	Y		Y
Cnoc na hEaglaise sean	Y		
Inis Uasal (Loch an Choireáin)	Y		
Fearann na gCat, Lios an Phúca	Y		Y
An Clochán, Nua	Y		Y
An Clochán, sean	Y		
An Cloichear	Y		Y
Cloichear Bhraoin	Y		
An Comhad, Nua	Y		Y
An Comhad, Sean	Y		
Cordal	Y		Y
An Cromán	Y	Y	Y
Comar (Gleann Chárthaigh)	Y		Y
An Chora (Ceallúnach)	Y		
Doire Cua	Y		Y
Doire Fhíonáin	Y		
Drom an Bhaile	Y		
An Dromaid	Y		
Dubháth, nua	Y		Y
Dubháth, sean	Y		Y
Dún Chaoin, nua	Y		
Dún Chaoin, sean	Y		
Dún Urlann	Y		
An Díseart (Oileán Ciarraí)	Y		
An Díseart (Leic Snámha)	Y		
Teampall Feaghna	Y		Y
Fionnúig, Síneadh Nua	Y	Y	Y
Fionnúig, sean			Y
Cnoc an Lisín	Y		
An Ghráile	Y	Y	Y
An Ghráile, sean	Y		Y
An Ghairfeanaigh	Y		
Gort na gCeas	Y		Y

Burial Ground Reilig	Map Available Léarscáil ar fáil	Lawn Style Stíl Phlásóige	Car Park Carrchlós
(An Neidín, nua / An Chros Naofa)			
Inse (An Leac)	Y		Y
Inse, Síneadh	Y		Y
An Chill	Y		
Ceann Mara, sean	Y		
Cill Bhanbháin, Uimh. 1 (Piombróg)	Y		
Cill Bhanbháin, Uimh. 2 (Uí Mheachair)	Y		
Cill Bhanbháin, Sean	Y		
Cill Bheanáin	Y		Y
An Chill Bhreac (Baile an Daingin	Y		
Mainistir Chill Cholmáin (Baile an Mhuilinn)	Y		
Cill Chonnla	Y		
Cill Chuimín, Síneadh (Sean - Dúinín)	Y	Y	
Cill Chuimín, nua (An Chros Naofa)	Y		Y
Cill Chuimín, sean (An Dúinín)	Y		
Cill Dromann	Y		Y
Cill Eithne	Y		
Cill Fhiachna	Y		Y
Cill Flainn	Y		Y
Cill Gharbháin, nua	Y		
Cill Gharbháin, sean	Y		
Cill Gobáin (An Com, sean)	Y		
Cill Átha	Y		Y
Cill Laithín	Y		
Cill Airne	Y		Y
Cillín Tiarna	Y		Y
Cill Aighne	Y		
Cill Eoghain			
Cill Lúirí	Y		
Cill Mocheallóg	Y		Y
Cill Maoilchéadair, sean	Y		
Cill Maoilchéadair	Y	Y	Y
An Chill Mhór	Y		
Cill Mhaoile (An Tóchar Bán), sean	Y		
Cill Mhaoile, nua	Y		

Burial Ground Reilig	Map Available Léarscáil ar fáil	Lawn Style Stíl Phlásóige	Car Park Carrchlós
Cill Mhuire			
Cill na Naon, nua	Y		
Cill na nAon, sean	Y		
Cill na nAnama			
Cill Neachtain	Y		Y
Cill Chuáin (Lios na gCeann)	Y		
Cill Chuáin, nua (An Daingean)	Y	Y	Y
Cill Chuáin, sean (An Daingean)	Y		Y
Cill tSearcon	Y		
Cill Seanaigh (an Machaire)	Y		
Cill Seanáin	Y		
Cill Tóime	Y		
Cinn Aird	Y		
An Cnocán	Y		Y
Cnoc an Iúir	Y		Y
Cnoc na gCaiseal	Y		
An Choill Mhór (Dairbhre)	Y		Y
An Choill Mhór, sean (Dairbhre)	Y		
Mainistir Lios Leaichtín	Y		Y
Lios Póil	Y	Y	
Lios Eiltín	Y		
Baile Lios Tuathail, N Micheál	Y		
Baile Lios Tuathail, Eoin Pól 2	Y		Y
Lios Treighe	Y		Y
Leic Snámha	Y	Y	
Ladhar an Chrompáin	Y		Y
Meall an Ghalláin (An tSnaidhm)	Y		Y
Maigh Fhlaithimh	Y		
Maigh Oirthir	Y		Y
An Reilig Nua (Cúil Chorcráin)	Y		
Nuachabháil			Y
Ó Bréanainn	Y		Y
Portmagee An Caladh	Y		Y
Ráth Éalaigh	Y		
Ráithín Uí Bhuaigh	Y		

Burial Ground Reilig	Map Available Léarscáil ar fáil	Lawn Style Stíl Phlásóige	Car Park Carrchlós
An Ráth	Y	Y	Y
An Ráth Dubh	Y		
An Ráth Mhór	Y	Y	Y
Ráth Tuaidh	Y		
Scairteach an Ghlinne	Y		
Scartaglin Extension Scairteach an Ghlinne, Síneadh	Y	Y	
Srón Áirí (Incharoo)	Y		Y
Srúbh Gréine	Y		
Naomh Eoin, Oileán Ciarraí	Y		Y
Naomh Eoin, Trá Lí	Y		
An Sráidbhaile	Y		
An Teampall Nua, nua	Y		Y
An Teampall Nua, sean	Y		
An Gleann, nua	Y		Y
An Gleann, sean	Y		
Fionn Trá	Y		Y